Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# An Pholaitíocht agus An tSochaí

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.


An méid seo a leanas atá i gceist leis an bpróiseas marcála:

- Léitheoireacht agus anailís ar na freagraí go léir

- Leithdháileadh marcanna ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

**NÓTAÍ MÍNITHE A ÚSÁIDTEAR DON MHARCÁIL AR LÍNE**

 CUIREANN IN IÚL AN POINTE INA RAIBH MARCANNA BRONNTA

 NÍL AN T-EOLAS BAILÍ / CUIREANN IN IÚL GO RAIBH AN ROINN SEO FEICTHE AGUS LÉITE AG AN SCRÚDAITHEOIR

 LEATHANACH FEICTHE AG AN SCRÚDAITHEOIR

## ROINN A – 100 MARC

### Ceist 1

Tá 20 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 10 gcinn acu a fhreagairt

10 x 10 marc

**(a) Sa bhliain 2024 vótáil beagnach leath de dhaonra an domhain i dtoghcháin éagsúla. Tabhair dhá chúis a bhfuil sé tábhachtach vótáil.** **(2 x 5) 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Chun a chinntiú go gcloistear do ghuth
- Chun ionadaíocht leathan den tsochaí a chinntiú
- Ionas go dtuigeann lucht déanta beartas toil na ndaoine
- Mura gcaitheann tú vóta is féidir le daoine eile a roghnú cé a dhéanfaidh ionadaíocht ort
- Chun tionchar a imirt ar ár dtodhchaí

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 4 - 5M |
| Maith | 2 - 3M |
| Réasúnta | 0 - 1M |

**(b) Déan cur síos ar pholasaí scoile a bhfuil scrúdú déanta agat air a thugann aghaidh ar choincheap na sábháilteachta.**

**10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Cineáltas
- Frithbhulaíocht
- Polasaí um Úsáid Inghlactha Idirlín
- Aon sampla ábhartha

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 8 - 10M |
| Cur síos maith | 4 - 7M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 3M |

**(c ) In 2024 thug rialtas an hÉireann an Scéim Éarlaise agus Aisíoca isteach le haghaidh buidéil phlaisteacha agus cannaí alúmanaim nó cruach. An sampla maith é seo de ghníomh ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach? Mínigh do fhreagra.** **10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Athchúrsáil a spreagadh/Feasacht a mhúscailt
- Bruscar a laghdú
- Aon sampla ábhartha

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú réasúnta | 0 - 3M |

**(d)**

**(i) Cén chonclúid is féidir leat a bhaint as na sonraí thuas faoin mbochtaineacht?** **4 mharc**

| | |
|---|---|
| Conclúid an-mhaith | 3-4M |
| Conclúid maith | 2M |
| Conclúid réasúnta | 1M |

**(ii) Sainaithin difríocht amháin idir sonraí 2022 agus sonraí 2023.**

**3 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 3M |
| Míniú mhaith | 2M |
| Míniú mheasartha | 1M |

**(iii) Conas a d'fhéadfadh na sonraí seo cabhrú le rialtas na hÉireann?** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 3M |
| Míniú maith | 2M |
| Míniú réasúnta | 1M |

**(e) Sainaithin ceart amháin atá ag páiste. Déan cur síos ar an mbealach nach bhfuil an ceart sin á chomhlíonadh in Éirinn.** **10 marc**

**Sainaithin ceart ábhartha: 2M**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Ceart ar bith ón UNCRC
- Aon sampla ábhartha

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 6 - 8M |
| Cur síos maith | 3 - 5M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 2M |

**(f) Síníodh an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní ina dhlí in Éirinn in 2021. Faoin Acht, is gá d'fhostóirí faisnéis a fhoilsiú maidir lena mbearna phá idir na hinscní. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an t-eolas seo a bhailiú agus a fhoilsiú?**

**10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Patrarcacht
- Feasacht a mhúscailt
- Cuntasacht
- Trédhearcacht

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú réasúnta | 0 - 3M |

**(g) Tabhair sampla amháin den tslí a dtéann aicme shóisialta i bhfeidhm ar shaol duine.**

**10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Caipiteal sóisialta
- Oideachas
- Deiseanna

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 8 - 10M |
| Maith | 4 - 7M |
| Réasúnta | 0 - 3M |

**(h) Mínigh ról an rialtais i sochaí dhaonlathach.** **10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Rith na tíre
- Cur síos ar shampla ábhartha

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú réasúnta | 0 - 3M |

**(i) In 2024, cuireadh 25 duine chun báis i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Déan trácht ar an staitistic sin agus tagairt agat do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR).**
**10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Ceart chun na beatha
- Saoirse ó chéasadh

| | |
|---|---|
| Trácht an-mhaith | 8 - 10M |
| Trácht maith | 4 - 7M |
| Trácht réasúnta | 0 - 3M |

**(j) Cén ról atá ag an Ombudsman do Leanaí in Éirinn?** **10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Gearáin a imscrúdú maidir le seirbhísí do leanaí arna soláthar ag eagraíochtaí poiblí
- Cearta agus leas leanaí atá ina gcónaí in Éirinn a chur chun cinn

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 8 - 10M |
| Maith | 4 - 7M |
| Réasúnta | 0 - 3M |

**(k) Is teoiric í 'Sinne in aghaidh Iadsan' a mhíníonn an tslí ina bhféachann roinnt daoine, b'fhéidir, ar an domhan. Tabhair sampla ina bhféadfá é seo a fheiceáil inniu.**
**10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Coimhlintí reatha ar fud an domhain
- Dearcthaí eite dheas agus eite chlé laistigh d'Éirinn nó i dtíortha eile

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú réasúnta | 0 - 3M |

**(l) Cad é saoirse an phreasa?** **10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Ceart bunúsach
- Cuireann sé ar chumas na meán iniúchadh a dhéanamh, foilsiú agus craoladh gan eagla
- Cuireann sé trédhearcacht chun cinn
- Cuireann sé cuntasacht chun cinn
- Riachtanach i dtír dhaonlathach

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 8 - 10M |
| Maith | 4 - 7M |
| Réasúnta | 0 - 3M |

**(m) Déan cur síos ar shampla amháin den tslí a gcruthaítear féiniúlacht in Éirinn.** **10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- An Córas Oideachais (teanga na Gaeilge, stair, ceol agus spóirt)
- Ceiliúradh laethanta náisiúnta (Lá Fhéile Bríde, Lá Fhéile Pádraig)
- Cur chun cinn na gcluichí Gaelacha

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 8 - 10M |
| Cur síos maith | 4 - 7M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 3M |

**(n) Cén ról atá ag Teachta Dála (TD) in Éirinn?** **10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Freastalaíonn sé/sí ar sheisiúin Dála
- Tugann siad ionadaíocht do thoghthóirí
- Freastalaíonn sé/sí ar chruinnithe coiste
- Reáchtálann sé/sí clinicí toghcheantair

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 8 - 10M |
| Maith | 4 - 7M |
| Réasúnta | 0 - 3M |

**(o) Déan trácht ar an teachtaireacht maidir le hathrú aeráide sa chartún seo. 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Easpa feasachta ar an athrú aeráide
- Séanadh an athraithe aeráide

| | |
|---|---|
| Trácht an-mhaith | 8 - 10M |
| Trácht maith | 4 - 7M |
| Trácht réasúnta | 0 - 3M |

**(p) Mínigh go hachomair smaoineamh amháin atá ag Kathleen Lynch faoin bpolaitíocht agus/nó faoin tsochaí in Éirinn. 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Comhionannas Coinníll V Comhionannas Toraidh
- Tá an neamhionannas i sochaí na hÉireann á bhuanú ag an gcóras oideachais
- Neamhionannas Mothúchánach

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú réasúnta | 0 - 3M |

**(q) Tabhair dhá chúis a bhfuil TFC (ICT)/teicneolaíocht agus na meáin tar éis saol níos domhandaithe a chruthú.**

**(2 x 5M) 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Rochtain thapa ar fhaisnéis: meáin shóisialta, teicneolaíocht shoghluaiste
- Ceadaíonn sí trádáil níos éifeachtaí: ríomhthráchtáil, foinsiú domhanda
- Éascaíonn sí malartú cultúrtha: gluaiseachtaí sóisialta, feasacht
- Ceadaíonn sí comhroinnt eolais: taighdeoirí, oideachas

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 4 - 5M |
| Freagra maith | 2 - 3M |
| Freagra réasúnta | 0 - 1M |

**(r) Déan cur síos ar céard is seachadóir dualgais ann agus tabhair sampla de sheachadóir dualgais. 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Daoine aonair nó eagraíochtaí
- A chinntiú go gcomhlíontar cearta an duine
- Rialtas/ comhlachtaí rialtais

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 6 - 8M |
| Cur síos maith | 3 - 5M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 2M |

**Sampla: 2 mharc**

**(s) Cad atá i gceist le Staid an Nádúir? 10 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Hobbes
- Locke

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 8 - 10M |
| Maith | 4 - 7M |
| Réasúnta | 0 - 3M |

**(t) Mínigh na tionchair a bhíonn ag an gciníochas in Éirinn. 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Tionchair ar an íospartach lena n-áirítear: Sláinte mheabhrach/Strus/Féinmhuinín íseal
- Tionchair ar an tsochaí, lena n-áirítear: Foréigean/Atmaisféar contúirteach/Deighilt

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 8 - 10M |
| Freagra maith | 4 - 7M |
| Freagra réasúnta | 0 - 3M |

## ROINN B – 150 MARC

**Ceist 2** **50 marc**

**(a) De réir Dhoiciméad A, cad é Sprioc a Dó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG)?** **5 mharc**

Gan Aon Ocras: (Deireadh a chur le hocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn)

**(b) De réir Dhoiciméad A, cad a thugtar sa Tuarascáil um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, 2022?** **10 marc**

Forléargas domhanda ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Chlár um Fhorbairt Inbhuanaithe 2030

**(c) De réir Dhoiciméad B, cad is cúis le tíortha timpeall an domhain a bheith ag fulaingt mar gheall ar ghéarchéim an ocrais?** **15 mharc**

Coimhlint, an ghéarchéim aeráide agus tuairteanna eacnamaíochta

**(d) I nDoiciméad B, tugtar breac-chuntas ar na príomhchúiseanna leis an ocras i dtrí thír. Ainmnigh ceann amháin de na tíortha sin agus sainaithin príomhchúis an ocrais sa tír sin.** **10 marc**

**Ainm: 2m**

**Sainaithin an phríomhchúis: 8m**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do Háítí, an tSúdáin Theas nó an tSúdáin

**(e) Agus fianaise ó Dhoiciméad B á húsáid agat, sainaithin na naisc idir an ghéarchéim ocrais agus an comhshaol.** **10 marc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith a dhéanann tagairt don dá dhoiciméad | 8 - 10M |
| Míniú maith | 4 - 7M |
| Míniú réasúnta | 0 - 3M |

## Ceist 3 **50 marc**

**(a) Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad A.** **5 mharc**

- Íomhánna éifeachtacha agus úsáid dathanna
- Bosca simplí le figiúirí
- Éasca a léamh/éasca a thuiscint

| | |
|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | 4 - 5M |
| Tráchtaireacht mhaith | 2 - 3M |
| Tráchtaireacht réasúnta | 0 - 1M |

**(b) Déan cur síos ar ghné dhearfach amháin den bhealach a gcuirtear na sonraí i láthair i nDoiciméad B.** **5 mharc**

- Tá an tábla éasca a léamh
- Cuireann na pictiúir comhthéacs leis

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú réasúnta | 0 - 1M |

**(c) Roghnaigh príomhphíosa amháin eolais as Doiciméad A agus déan cur síos ar an mbealach a nascann sé leis an eolas a thugtar i nDoiciméad B.** **10 marc**

**Príomhphíosa eolais: 2M**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith ar phíosa amháin de shonraí | 6 - 8M |
| Cur síos maith ar phíosa amháin de shonraí | 3 - 5M |
| Cur síos réasúnta ar phíosa amháin de shonraí | 0 - 2M |

**(d) Conas mar a d'fhéadfadh an t-eolas a thugtar sa dá dhoiciméad a bheith úsáideach do rialtais ar fud an domhain?** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | 11 - 15M |
| Tráchtaireacht mhaith | 6 - 10M |
| Tráchtaireacht réasúnta | 0 - 5M |

**(e) An bhfuil Doiciméad A iontaofa mar fhoinse sonraí? Mínigh do fhreagra.** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 11 - 15M |
| Míniú maith | 6- 10M |
| Míniú réasúnta | 0 - 5M |

## Ceist 4 50 marc

**(a) I nDoiciméad B, sainaithin cosúlacht amháin agus difríocht amháin idir na sonraí as Háítí agus na sonraí as an tSúdáin Theas. (2 x 5m) 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do **dhá cheann** ó: daonra, daoine i ngátar, daoine ar cabhraíodh leo anuraidh, páistí i mbaol ón ngéar-mhíchothú, príomhchúiseanna an ocrais

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 4 - 5M |
| Maith | 2 - 3M |
| Réasúnta | 0 - 1M |

**(b) Cén cineál sonraí a chuirfeadh leis an taighde a chuirtear i láthair i nDoiciméad A, dar leat? Tabhair sampla de shonraí den chineál seo. 10 marc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh d'agallaimh, cás-staidéir, srl

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 8 - 10M |
| Freagra maith | 4 - 7M |
| Freagra réasúnta | 0 - 3M |

**(c) Déan cur síos ar thionscadal saoránachta a d'fhéadfá a dhéanamh chun tacú le hobair Gníomhú in Aghaidh an Ocrais. 15 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 11 - 15M |
| Cur síos maith | 6 - 10M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 5M |

**(d) Tar éis duit anailís a dhéanamh ar na sonraí, cad iad na moltaí a thabharfá do na Náisiúin Aontaithe faoi na ceisteanna a ardaítear i nDoiciméad A agus i nDoiciméad B?**
**15 mharc**

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 11 - 15M |
| Freagra maith | 6 - 10M |
| Freagra réasúnta | 0 - 5M |

# Roinn C – 150 marc

**Aiste dhioscúrsach a mharcáil:**

**1.** Léigh an aiste go léir gan aon mharcanna a bhronnadh.

**2.** Marcáil an aiste ag baint úsáid as an gcritéir marcála agus cur na marcanna le chéile.

**3.** Déan athbhreithniú ar an marc iomlán a bhronntar ag baint úsáid as na tuairiscíní banda gráid.

**4.** Chun an t-athbhreithniú mairc iomláin a chur i gcrích arís ag baint úsáid as an gcritéir.

## AISTE DIOSCÚRSACH

| | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá (I)** | Tugtar go díreach faoin gceist agus cuirtear í i gcomhthéacs. | Tugtar faoin gceist go réasúnta ach le beagán comhthéacsaithe. | Tugtar faoin gceist go neamhshoiléir gan comhthéacsú ar bith. | Ní thuigtear an cheist go pointe nó amach is amach. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Eolas (K)** | Aiste loighciúil an-mhaith bunaithe ar eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an gceist. Níl earráidí suntasacha ar bith nó aon rud fágtha ar lár. | Aiste réasúnta bunaithe ar bhuneolas ach is beag an tuiscint ar an gceist. Beagán earráidí agus rudaí fágtha ar lár ann. | Aiste mhearaithe bunaithe ar leath-thuiscint den cheist. Tá earráidí suntasacha agus cuid mhór rudaí fágtha ar lár. | Léiríonn aiste lag beagán eolais nó gan eolas ar bith ar an gceist. D'fhéadfaí leis an eolas a bheith mícheart nó frithráiteach. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Fianaise (E)** | Aithnítear agus ceistítear réimse leathan fianaise atá ábhartha, údarásach agus inchreidte. | Aithnítear agus ceistítear réimse maith fianaise le spleáchas foriomlán ar shonraí gan chruthú. | Is beag an fhianaise atá curtha ar fáil agus é róshimplí nó mearaithe agus leath-bhainteach don ábhar. | Níl ach beagán fianaise nó gan fianaise ar bith curtha ar fáil, ní bhaineann an fhianaise don cheist. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Anailís & Sintéis (A)** | Argóint an-mhaith bunaithe ar anailís chriticiúil agus grinn ar an bhfianaise. | Argóint mhaith bunaithe ar anailís bhunúsach den fhianaise. | Tá locht san argóint le fianaise theoranta ar an anailís agus meastóireacht. Anailís fhánach le míchruinneas suntasach. | Tá an argóint curtha le chéile go dona mearaithe nó míloighciúil. Tá an anailís lag. |
| **5 mharc** | **5** | **4** | **3** | **0 - 2** |
| **Meastóireacht (V)** | Comhtháthú an-mhaith ar thuairimí agus dearcthaí comparáideacha / malartacha. Conclúidí neamhspleácha an-mhaith cruthaithe & a seasamh féin comhfhadaithe. | Comhtháthú maith ar thuairimí agus dearcthaí comparáideacha / malartacha ar an argóint. Conclúidí neamhspleácha maithe cruthaithe & a seasamh féin comhfhadaithe. | Dearcthaí agus tuairimí comparáideacha/malartacha teoranta. Conclúidí teoranta neamhspleácha & ar an údar dá seasamh féin. | Gan tuairimí agus dearcthaí comparáideacha ar bith. Gan conclúidí neamhspleácha nó údar dá seasamh féin ar bith. |
| **5 mharc** | **5** | **4** | **3** | **0 - 2** |
| **Comhtháthú (C)** | Tá an t-eagrúchán agus bainistíocht ar thuairimí agus dearcadh an-mhaith. | Tá an t-eagrúchán agus bainistíocht ar smaointe bunúsach. Struchtúr réasúnta | Eagrúchán agus bainistíocht theoranta ar smaointe agus iad mearaithe. Struchtúr lag. | Tá easpa struchtúir, eagrúcháin, comhleanúnachais, béime, comhthéacs agus soiléire san aiste. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Béim agus soiléire an-mhaith ar fud.<br>Structhúr an-mhaith. | | | |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |

# BANDAÍ GRÁID NA hAISTE

| **O1**<br>**45 - 50 Marc** | **O2**<br>**44 - 40 Marc** | **O3**<br>**35 - 39 Marc** | **O4**<br>**30 - 34 Marc** | **O5**<br>**25 - 29 Marc** | **O6**<br>**20 - 24 Marc** | **O7**<br>**15 - 19 Marc** | **O8**<br>**0 - 14 Mharc** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá an freagra ciallmhar; struchtúr maith ann, agus tugann an fhianaise éasgúil, ábhartha agus cruinn tacaíocht dó ag baint úsáid as fianaise chomparáideach.<br><br>Tá eolas cuimsitheach ar riachtanais an taisc shoiléir chomh maith le tuiscint agus smaointeoireacht neamhspleách.<br><br>Rannpháirtíocht dhomhain leis an ábhar.<br><br>Tá na breithiúnais agus conclúidí a thugtar comhfhadaithe go cuimsitheach. | Díríonn an freagra go soiléir ar an gceist a gcuirtear.<br><br>Tá struchtúr an-mhaith ag na hargóintí agus iad tacaithe comhaontaithe ag fianaise ábhartha, cruinn agus éagsúil.<br><br>Tá na pointí eagraithe go fíormhaith agus tá argóint chiallmhar curtha i láthair le dearcthaí comparáideacha.<br><br>Tá rannpháirtíocht an-mhaith leis an ábhar.<br><br>Breithiúnais agus conclúidí | Díríonn an freagra go soiléir ar an gceist a gcuirtear.<br><br>Tuigtear go breá éilimh na ceiste.<br><br>Tugtar tacaíocht mhaith do phointí le fianaise chruinn agus ábhartha go hiondúil.<br><br>Tá na pointí eagraithe go maith agus tá argóint chiallmhar curtha i láthair.<br><br>Tá fianaise de rannpháirtíocht leis an ábhar agus tá údar réasúnta ag na breithiúnais agus conclúidí atá curtha ar fáil. | Léiríonn an freagra roinnt tuisceana ar éilimh na ceiste.<br><br>Tá na pointí a dhéantar ábhartha agus tacaithe le roinnt tagairtí bailí agus léaráid.<br><br>D'fhéadfaí áfach, go bhfuil roinnt pointí fágtha ina n-aonair agus níl siad comhtháite ina n-iomláine isteach in argóint chomhaontaithe.<br><br>Tá roinnt breithiúnas agus conclúidí neamhspleácha curtha ar fáil le beagán údair. | Léiríonn an freagra go dtuigtear an cheist.<br><br>Eolas teoranta ar an gceist agus déanann na freagraí pointí éiginnte agus is beag an fhianaise a úsáidtear atá bailí agus oiriúnach.<br><br>Áfach, is beag na pointí seo agus ní dhéantar forbairt ar an bhfianaise go hargóint láidir agus comhaontuithe.<br><br>Rannpháirtíocht theoranta leis an ábhar agus bíonn easpa conclúidí atá comhaontuithe agus neamhspleách sna freagraí dá bharr. | Léiríonn na freagraí go dtuigtear an cheist – go pointe áirithe ar a laghad.<br><br>Tá easpa béime soiléire sa fhreagra agus tá nós aige imeacht ón bpointe nó ó phointe go pointe.<br><br>Tógann an achoimre agus athrá áit an phlé go minic.<br><br>Eolas teoranta ar an gceist le fíorbheagán fianaise chun tacaíocht a thabhairt do na pointí atá déanta.<br><br>Is fíorbheag an rannpháirtíocht leis an ábhar.<br><br>Tá na breithiúnais agus conclúidí a | Léiríonn an freagra go dtuigtear na ceisteanna go pointe áirithe agus go bhfuil béim dhona ar an bhfreagra.<br><br>Léiríonn an freagra go bhféadfaí cúpla pointe bailí a chur in iúl ach níl nasc eatarthu d'aon ghnó chun argóint a dhéanamh agus níl fianaise ar bith ann chun tacaíocht a thabhairt do na freagraí atá déanta.<br><br>Níl fianaise ar bith ann de rannpháirtíocht leis an ábhar.<br><br>Ní dhearna an t-iarrthóir breithiúnas, | Léiríonn an freagra go dtuigtear an cheist go dona nó ní thuigtear an cheist in aon chór.<br><br>Freagra an-dona, nach gcuirtear, ar an gcuid is fearr de, ach píosaí scoilte d'eolas ar fáil leis, le beagán nó gan pointí ábhartha ar bith.<br><br>Ní chuirtear argóintí nó fianaise ar bith ar fáil chun tacaíocht a thabhairt ar argóintí ar bith atá déanta.<br><br>Tá an freagra an-dona agus tá easpa béime agus tá an léitheoir mearaithe. |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Léiríonn an freagra seo eolas mionsonraithe, fianaise ar rannpháirtíocht chriticiúil, léargas domhain, béim ghéar, argóint chumasach agus tá fianaise agus foinsí ag tabhairt tacaíocht dó. | neamhspleácha curtha ar fáil agus le húdar réasúnta. | | | | chuirtear ar fáil neamhchinnte le fíorbheagán údair.<br>D’fhéadfaí athléamh a bheith riachtanach chun an chiall a thuiscint. | níor chruthaigh siad conclúidí neamhspleácha nó níor chuir siad údar ar fáil ar a dtuairim nó seasamh féin. | D’fhéadfaí le cúpla pointe a bheith míchruinn amach is amach nó neamhábhartha leis an gceist. |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

# TUAIRISC TIONSCADAIL SAORÁNACHTA

**Réasúnaíocht agus taighde**

- Mínigh an chúis leis an ngníomh atá roghnaithe agat a dhéanamh.
- Tabhair cuntas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail saoránachta, na modhanna roghnaithe chun na haidhmeanna seo agus an plean gnímh a bhaint amach. Sa chás go bhfuil tionscadal grúpa ar bun, aithnítear aidhmeanna an dá ghrúpa don tionscadal agus na haidhmeanna a bhí agat mar dhuine chun do ról a chomhlíonadh.
- Achoimre a thabhairt ar an taighde a dhéantar lena n-áirítear na príomhthorthaí taighde (sonraí) a chur an gníomh ar an eolas. Déan trácht ar na foinsí eolais a bhaintear úsáid as chun an ngníomh a chur ar an eolas ar rudaí ar nós ábhair gréasánbhunaithe, litríocht, agallaimh, agus foinsí eile.
- Déan cinnte go gcuireann tú tagairtí iomlána sa roinn *Tagairtí agus Leabharliosta* ag deireadh na tuairisce.

**An tionscadal saoránachta a chur i bhfeidhm**

- Achoimre ar na gníomhartha a rinneadh leis an tionscadal a dhéanamh. Sa chás go bhfuil tionscadal grúpa i gceist, déan idirdhealú idir gníomhartha an ghrúpa agus do ghníomhartha aonair ag baint úsáid as “muid” nó “mise” de réir mar is cuí.
- Déan anailís ar ghnéithe éagsúla an phlean gnímh, lena n-áirítear dúshláin ar bith a casadh air agus conas a chuathas i ngleic leis na dúshláin seo.
- Déan cur síos ar thorthaí an tionscadail.

**Machnamh a dhéanamh ar na scileanna a fuarthas agus na scileanna a forbraíodh**

- Machnamh a dhéanamh go géar ar an léargas pearsanta agus an t-eolas a d’fhoghlaim tú faoin ábhar seo ó thosaigh tú an tionscadal.
- Aithnítear agus déantar cur síos ar na scileanna a chuir tú forbairt orthu trí d’obair ar an tionscadal seo le tagairt áirithe a dhéanamh ar d’obair le daoine eile agus a bheith éifeachtach go pearsanta.
- Míniú go gonta an ról a bhíonn ag machnamh, aiseolas ó dhaoine eile, agus an fhoghlaim ón gcúrsa ort agus an tionscadal le déanamh agat.

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA – ROINN A

**Réasúnaíocht agus Taighde** **35 mharc**

| | Sármhaith | An-Mhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|
| **Míniú ar an réasúnaíocht** | 6 - 7M | 4 - 5M | 2 - 3M | 0 - 1M |
| **Aidhmeanna an tionscadail le Plean Gnímh a leagann na Modhanna roghnaithe amach chun na haidhmeanna seo a bhaint amach** | 10 - 12M | 7 - 9M | 4 - 6M | 0 - 3M |
| **Achoimre ar an méid a aimsíodh agus na foinsí** | 10 - 12M | 7 - 9M | 4 - 6M | 0 - 3M |

**Tagairtí agus Leabharliosta** - Cúl an leabhráin a sheiceáil **(0-2-4)** **(4 mharc)**

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA - ROINN B

**An tionscadal saoránachta a chur i bhfeidhm** **45 marc**

| | Sármhaith | An-Mhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|---|
| **Achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh (Muid / Mé féin)** | 12 - 15M | 8 - 11M | 4 - 7M | 0 - 3M |
| **Anailís chriticiúil ar an bplean gnímh** | 12 - 15M | 8 - 11M | 4 - 7M | 0 - 3M |
| **Torthaí** | 12 - 15M | 8 - 11M | 4 - 7M | 0 - 3M |

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA - ROINN C

**Machnamh a dhéanamh ar na scileanna a fuarthas agus na scileanna a forbraíodh** **20 marc**

| | An-Mhaith | Maith | Réasúnta |
|---|---|---|---|
| **Eolas agus léargas faoin gceist** | 5 - 6M | 3 - 4M | 0 - 2M |
| **Scileanna** | 5 - 6M | 3 - 4M | 0 - 2M |
| **Machnamh** | 4M | 3M | 0 - 2M |
| **Aiseolas agus foghlaim** | 4M | 3M | 0 - 2M |

Leathanach Bán